Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 16 Feabhra 2022
(OR. en)**

**5959/1/22
REV 1**

**COMPET 71
IND 28
MI 87
RECH 59
ENT 11
MAP 5
TELECOM 37**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 31 final/2 |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Straitéis AE um Chaighdeánú Caighdeáin dhomhanda a leagan síos chun tacú le margadh aonair AE atá athléimneach, glas agus digiteach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 31 final/2.

---

Faoi iamh: COM(2022) 31 final/2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.2.2022
COM(2022) 31 draft

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

# Straitéis AE um Chaighdeánú
## Caighdeáin dhomhanda a leagan síos chun tacú le margadh aonair AE atá athléimneach, glas agus digiteach

**Straitéis AE um Chaighdeánú**

**Caighdeáin dhomhanda a leagan síos chun tacú le margadh aonair AE atá athléimneach, glas agus digiteach**

## I. Réamhrá – Caighdeáin chun luachanna, cuspóirí beartais agus cur chun feidhme rialála an Aontais a chothú

Tá caighdeáin i gcroílár mhargadh aonair an Aontais. Le 30 bliain anuas, tá breis agus 3600 caighdeán comhchuibhithe curtha i gcrích ag an gCóras Eorpach um Chaighdeánú, caighdeáin lenar féidir le cuideachtaí a léiriú go bhfuil dlí an Aontais á chomhlíonadh acu, agus go leor caighdeán agus sonraíochtaí teicniúla Eorpacha eile chun idir-inoibritheacht, sábháilteacht shaoránaigh an Aontais agus cosaint an chomhshaoil a chur chun cinn. Tá na caighdeáin Eorpacha tar éis dul chun tairbhe go mór do chuideachtaí agus tomhaltóirí trí chothrom iomaíochta a chruthú sa mhargadh aonair le haghaidh gnólachtaí agus muinín na dtomhaltóirí a mhéadú.

Is laistigh de chomhthéacs domhanda atá ag éirí níos iomaíche a fheidhmíonn caighdeánú Eorpach. Tá seasamh teanntásach á ghlacadh ag cuid mhór tríú tíortha maidir le caighdeánú, rud a thugann buntáiste iomaíoch dá gcuid tionscal ó thaobh rochtain ar an margadh agus leathadh amach na teicneolaíochta.

Iomaíochas, ceannasacht theicneolaíoch agus cumas na hEorpa chun spleáchais a laghdú agus luachanna an Aontais a chosaint, lena n-áirítear uaillmhianta sóisialta agus comhshaoil, braithfidh siad ar cé chomh rathúil is atá gníomhaithe Eorpacha sa chaighdeánú ar an leibhéal idirnáisiúnta. Ní scileanna láidre um chaighdeánú ar fud an tionscail agus an luchta acadúil amháin atá i gceist, is gá freisin caighdeánú Eorpach a dhéanamh níos sofhreagrúla, níos solúbtha agus níos dírithe chun na riachtanais chaighdeánúcháin a réamh-mheas.

Ag an am céanna, ní mór don chaighdeánú Eorpach freagairt do luas nuálaíochta atá ag éirí níos gasta agus ní mór caighdeáin a chur i gcrích go tapa, agus ardcháilíochta na dtorthaí a chaomhnú ag an am céanna. Cuibhreannais eile, ar minic ina gcuibhreannais phríobháideacha iad atá faoi stiúir tionscal príobháideach agus neamh-Eorpach, tá siad sin níos lúfaire agus níos tapúla ó thaobh caighdeáin a fhorbairt. Maidir le teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn go háirithe, is minic nach n-éiríonn leis an gcóras Eorpach um chaighdeánú caighdeáin a chur i gcrích go tráthúil agus, dá bhrí sin, cailleann sé 'buntáiste tábhachtach an cheannródaí' trí chaighdeánú.

Cé gur maith an teist ar bhunú mhargadh aonair an Aontais é an caighdeánú Eorpach, níor aithníodh go leordhóthanach tábhacht straitéiseach na gcaighdeán, rud a bhfuil ceannaireacht an Aontais maidir le caighdeáin a shocrú thíos leis. Ní mór é seo a athrú. Agus an t-aiseolas a fuarthas maidir leis an treochlár[1] á chur san áireamh, moltar sa straitéis seo tacar gníomhaíochtaí chun caighdeáin a chur ar ais i gcroílár mhargadh aonair AE atá athléimneach, glas agus digiteach, agus chun ról domhanda an chórais Eorpaigh um chaighdeánú a neartú.

## II. An córas Eorpach um chaighdeánú a ghiaráil – chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a bhaint amach agus tacú le hathléimneacht an mhargaidh aonair

Aistriú digiteach agus glas thionscail an Aontais agus margadh aonair dea-fheidhmiúil athléimneach, braitheann siad ar chóras um chaighdeánú a léiríonn go leordhóthanach tosaíochtaí beartais an Aontais. Ní féidir uaillmhianta an Aontais ó thaobh geilleagar atá aeráidneodrach, athléimneach agus

[1] https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/13099-Standardisation-strategy/feedback_en?p_id=25976796

ciorclach a bhaint amach gan caighdeáin Eorpacha maidir le modhanna tástála, córais bhainistíochta nó réitigh idir-inoibritheachta. Sa rás domhanda le haghaidh na ceannaireachta digití, tá an cumas chun caighdeáin idirnáisiúnta a mhúnlú le haghaidh táirgí, próisis agus seirbhísí digiteacha mar thagarmharcanna domhanda ríthábhachtach d'iomaíochas an Aontais. I mbeagán focal, ní bhainfear amach uaillmhianta beartais an Aontais maidir le geilleagar athléimneach, glas agus digiteach má dhéanann réigiúin eile ar domhan na caighdeáin lena mbaineann a shainiú.

Dá bhrí sin, sa bhreis ar an obair chaighdeánúcháin atá ar siúl ar fud na n-éiceachóras tionsclaíoch, roimh an Aontas Eorpach sa lá atá inniu ann tá 'nithe práinneacha caighdeánúcháin' ríthábhachtacha, is é sin le ráréimsí ina bhfuil gá le caighdeáin sna blianta atá amach romhainn chun spleáchais straitéiseacha a sheachaint agus chun ceannaireacht dhomhanda an Aontais i dteicneolaíochtaí glasa agus digiteacha a léiriú. Ag eascairt as an anailís ar spleáchais straitéiseacha sa Straitéis Tionsclaíochta nuashonraithe[2], chomh maith le hionchur geallsealbhóirí trí na comhghuaillíochtaí tionsclaíocha, sainaithníodh géarghá le caighdeáin a fhorbairt sna réimsí straitéiseacha seo a leanas: caighdeáin chun na constaicí atá ann faoi láthair maidir letáirgeadh vacsaíní agus cógas leighis in aghaidh COVID-19 a shárú; caighdeáin chun tacú le hathchúrsáil amhábhar criticiúil; caighdeáin chun tacú le leathadh amach shlabhra luacha na hidrigine glaine; caighdeáin a thacaíonn le stroighin ísealcharbóin i bhfianaise na hacmhainneachta suntasaí atá ann chun astaíochtaí a shábháil; caighdeáin maidir le sliseanna a dheimhniú ó thaobh slándála, barántúlachta agus iontaofachta; agus caighdeáin sonraí lena bhfeabhsaítear idir-inoibritheacht sonraí, comhroinnt sonraí agus athúsáid sonraí chun tacú leis na Spásanna Coiteanna Sonraí Eorpacha.

Chun aghaidh a thabhairt ar na nithe práinneacha caighdeánúcháin sin agus chun nithe práinneacha agus riachtanais a bheidh ann amach anseo a shainaithint agus a réamh-mheas ar bhealach níos fearr, cuirfidh an Coimisiún réimse beart chun cinn.

Ar an gcéad dul síos, gníomhóidh an Coimisiún gan mhoill i ndáil leis na nithe práinneacha caighdeánúcháin a liostaítear thuas, mar a léirítear i gClár Oibre Bliantúil 2022 an Aontais maidir le caighdeánú. Seolfaidh an Coimisiún iarrataí ar chaighdeánú, rachaidh sé i dteagmháil leis na geallsealbhóirí ábhartha go tráthúil agus tabharfaidh sé tacaíocht don obair le maoiniú freisin. Iarrann an Coimisiún ar na hEagraíochtaí Eorpacha um Chaighdeánú (ESOnna) tosaíocht a thabhairt do chur i gcrích na hoibre sin gan mhoill.

Ar an dara dul síos, le Fóram nua Ardleibhéil tabharfar le chéile ionadaithe ó na Ballstáit, ó na hEagraíochtaí Eorpacha um Chaighdeánú agus ó na Comhlachtaí Náisiúnta um Chaighdeánú, ón tionscal, ón tsochaí shibhialta[3] agus ón lucht acadúil chun tosaíochtaí a leagan síos, chun comhairle a thabhairt maidir le riachtanais chaighdeánúcháin amach anseo, chun ionadaíocht éifeachtach ar leasanna Eorpacha i bhfóraim (idirnáisiúnta) um chaighdeánú a chomhordú agus chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh gníomhaíochtaí caighdeánúcháin Eorpacha na riachtanais atá ann chun geilleagar an Aontais a dhéanamh níos glaise, níos digití, níos cothroime agus níos athléimní. Ina theannta sin, oibreoidh an Fóram chun saineolas teicniúil agus scileanna teicniúla maidir le caighdeáin a neartú. Cuirfidh foghrúpaí tiomnaithe dlús leis an obair ar an leibhéal oibríochtúil. Oibreoidh an Fóram Ardleibhéil i ndlúthchomhar le grúpaí saineolaithe atá ann cheana amhail an Fóram Tionsclaíoch, an Bord um Nuálaíocht Sonraí, comhghuaillíochtaí tionsclaíocha agus an Fóram Eorpach um Thaighde Slándála[4]. Cuirfidh sé sin ar chumas an phobail chaighdeánúcháin freagairt níos tapúla agus níos oiriúnaí do riachtanais nuálaithe agus úsáideoirí. Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle a bheith

[2]COM(2021) 350 final

[3] Lena n-áirítear eagraíochtaí tomhaltóirí agus geallsealbhóirí comhshaoil agus sóisialta

[4]Cuireann an Fóram ar chumas na n-údarás náisiúnta tuairimí agus taithí a mhalartú maidir leis an gcaoi ar féidir deireadh a chur leis na príomhbhacainní ar ghlacadh an taighde slándála agus tá sé mar aidhm aige tacú le cur chuige comhsheasmhach straitéiseach i dtaca le ceapadh beartais maidir le taighde slándála san Aontas.

páirteach sa phlé ar thosaíochtaí maidir le caighdeánú AE , is rud é atá riachtanach chun comhar polaitiúil a áirithiú agus éascófar é le hócáid ardleibhéil bhliantúil.

Ar an tríú dul síos, in éineacht leis an bhFóram Ardleibhéil, seolfaidh an Coimisiún próiseas chun athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin atá ann cheana, chun riachtanais a shainaithint le haghaidh athbhreithnithe nó forbairt caighdeán nua chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus Deacáid Dhigiteach na hEorpa a chomhlíonadh agus tacú le hathléimneacht an mhargaidh aonair.

Ar an gceathrú dul síos, ar leibhéal teicniúil, bunóidh an Coimisiún *mol barr feabhais an Aontais maidir le caighdeáin* chun comhordú agus giaráil níos fearr a dhéanamh ar an saineolas maidir le caighdeánú atá ann cheana agus atá scaipthe laistigh den Choimisiún, de ghníomhaireachtaí an Aontais agus de Chomhghnóthais. I ndlúthchomhar leis na Ballstáit, oibreoidh an mol chun na riachtanais chaighdeánúcháin a bheidh ann amach anseo a réamh-mheas, tacóidh sé leis an obair i réimsí tosaíochta caighdeánúcháin, agus déanfaidh sé faireachán ar ghníomhaíochtaí caighdeánúcháin idirnáisiúnta. Leis an mol, beifear in ann freagairt níos fearr ar iarrataí ón earnáil phoiblí maidir le treoirlínte agus sonraíochtaí a fhorbairt i réimsí amhail ríomh-shainaithint, ríomhsheirbhísí rialtais nó Bonneagar Eorpach um Sheirbhísí Blochshlabhra. Cruthóidh an Coimisiún feidhm an Phríomhoifigigh um Chaighdeánú chun obair *an mhoil barr feabhais* a stiúradh agus maoirseacht agus comhordú foriomlán ar na gníomhaíochtaí caighdeánúcháin éagsúla ar fud an Choimisiúin a áirithiú.

Ar an gcúigiú dul síos, i gcomhpháirtíocht leis na ESOnna, oibreoidh an Coimisiún ar réitigh agus leagfaidh sé síos spriocanna soiléire chun dlús a chur le gach céim d'fhorbairt na gcaighdeán atá mar bhonn le cur chun feidhme reachtaíocht an Aontais. Chuige sin, tá gá le hiarrachtaí feabhsaithe ó gach taobh. Is éard atá i gceist leis feabhas a chur ar chomhsheasmhacht na gcaighdeán nuafhorbartha le dlí an Aontais chun go nglacfar go tráthúil iad. Thairis sin, maidir leis an am idir caighdeán comhchuibhithe a ghlacadh agus é a chur faoi bhráid an Choimisiúin go foirmiúil, ceanglaítear ar ESOnna an t-am sin a laghdú[5]. Cé gur tháinig laghdú ar an tréimhse idir cur i gcrích agus foilsiú na tagartha in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* in 2020 agus 2021, leanfaidh an Coimisiún freisin de bheith ag obair ar chaighdeáin a fhoilsiú níos tapúla, agus a fhreagracht a chomhlíonadh maidir lena fhíorú go gcomhlíonann na caighdeáin ceanglais dhlí an Aontais.

Maidir le seirbhísí gnó, bhí an dul chun cinn a rinneadh roimhe seo sách mall agus níl i gcaighdeáin seirbhísí ach 2 % de chaighdeáin uile na hEorpa. Tá dul chun cinn déanta ag an gCoimisiún lena mheasúnú ar na réimsí is ábhartha ina bhféadfadh caighdeáin chomhchuibhithe feabhas a chur ar iomaíochas agus bacainní margaidh a laghdú, lena n-áirítear caighdeáin seirbhísí maidir le hardmhonaraíocht agus foirgníocht ardfhorbartha. Tá an Coimisiún ag plé le geallsealbhóirí chun an obair seo ar sheirbhísí gnó a thabhairt chun tosaigh.

An soláthar poiblí a bheith ina uirlis chun glacadh caighdeán maidir le táirgí nuálacha, glasa agus digiteacha a chur chun cinn, is réimse eile é sin a dhéanfaidh an Coimisiún a mheasúnú i gcomhar leis na geallsealbhóirí.

---

[5] Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le caighdeánú Eorpach COM(2022) 30.

**Seo a leanas an méid atá beartaithe ag an gCoimisiún**:

- Oibriú leis na ESOnna, leis na geallsealbhóirí agus le comhpháirtithe eile chun aghaidh a thabhairt láithreach ar na nithe práinneacha caighdeánúcháin a sainaithníodh, maidir le táirgeadh vacsaíní agus cógais leighis in aghaidh COVID-19, athchúrsáil amhábhar criticiúil, slabhra luacha na hidrigine glaine, stroighin ísealcharbóin, deimhniú sliseanna agus caighdeáin sonraí.
- Fóram Ardleibhéil a chur ar bun chun cabhrú leis an gCoimisiún tosaíochtaí caighdeánúcháin atá ar na bacáin a réamh-mheas agus dul i mbun plé le Parlaimint na hEorpa agus leis an gComhairle chun comhar polaitiúil maidir leis na tosaíochtaí sin a áirithiú.
- Na tosaíochtaí caighdeánúcháin a léiriú i gClár Oibre Bliantúil an Aontais maidir le Caighdeánú ó 2022 ar aghaidh.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na caighdeáin atá ann cheana chun riachtanais a shainaithint le haghaidh athbhreithnithe nó forbairt caighdeán nua chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus Dheacáid Dhigiteach na hEorpa a chomhlíonadh agus tacú le hathléimneacht mhargaidh aonair an Aontais.
- *Mol barr feabhais an Aontais maidir le caighdeáin* a chur ar bun chun an saineolas maidir le caighdeánú a thabhairt le chéile, agus Príomhoifigeach um Chaighdeánú a ainmniú, ar Príomhoifigeach é a stiúrfaidh an líonra seo agus a áiritheoidh maoirseacht an Choimisiúin ar ailíniú gníomhaíochtaí caighdeánúcháin le cuspóirí beartais agus leasanna straitéiseacha an Aontais.
- Oibriú leis na ESOnna ar réitigh agus spriocanna nithiúla chun dlús a chur le forbairt agus glacadh caighdeán, agus réitigh nithiúla a chur chun feidhme chun comhsheasmhacht níos fearr a bhaint amach i ndáil le caighdeáin a chuirtear ar fáil lena bhfoilsiú trí thagairt in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

## III. Sláine, cuimsitheacht agus inrochtaineacht an chórais Eorpaigh um chaighdeánú a chaomhnú – prionsabail an dea-rialachais a chur i bhfeidhm

Laistigh den chóras Eorpach um chaighdeánú, tá ról pribhléideach lárnach ag na hEagraíochtaí Eorpacha um Chaighdeánú (ESOnna), ag an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CENELEC) agus ag Institiúid Eorpach na gCaighdeán Teileachumarsáide (ETSI): is iad na heagraíochtaí sin amháin atá incháilithe chun obair a dhéanamh ar iarrataí ar chaighdeánú a eisíonn an Coimisiún. Eascraíonn an ról sin as rogha reachtóir an Aontais iarraidh ar na heagraíochtaí sin, ar eagraíochtaí iad atá faoi rialú an dlí príobháideach, caighdeáin agus táirgí inseachadta caighdeánúcháin a fhorbairt de réir Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 maidir le caighdeánú Eorpach.

Tá freagrachtaí ag baint le stádas speisialta na n-eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú. Níos mó ná riamh, ní le comhpháirteanna teicniúla amháin a bhíonn baint ag caighdeáin, ach bíonn orthu croíluachanna agus leasanna daonlathacha an Aontais a ionchorprú freisin, chomh maith le prionsabail ghlasa agus shóisialta. Mar shampla, tá gné straitéiseach ag baint le caighdeáin maidir leis an gcibearshlándáil nó le hathléimneacht an bhonneagair chriticiúil. Tá tábhacht ar leith ag baint leis sin maidir le caighdeáin chomhchuibhithe, arna nglacadh ar bhonn reachtaíocht comhchuibhithe an Aontais agus ar foilsíodh a gcuid tagairtí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, rud a mheasann an Chúirt Bhreithiúnais a bheith mar chuid de dhlí an Aontais chun críche na caighdeáin sin a léirmhíniú[6]. Chun a áirithiú go mbainfidh an córas Eorpach um chaighdeánú an méid sin amach, ba cheart bearta a dhéanamh chun a áirithiú go gcuireann sé leasanna agus luachanna an Aontais chun cinn.

Is ábhar imní don Choimisiún go gceadaíonn próisis chinnteoireachta an lae inniu laistigh de na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, go háirithe in ETSI, go gceadaíonn siad cumhacht mhíchothrom vótála i leith leasanna corparáideacha áirithe: tá níos mó vótaí faighte ag roinnt cuideachtaí ilnáisiúnta ná ag na comhlachtaí a dhéanann ionadaíocht do chomhphobal iomlán na

[6] Breithiúnas na Cúirte an 27 Deireadh Fómhair 2016, C-613/14, ECLI:EU:C:2016:821. .

ngeallsealbhóirí. Is é sin an fáth a gcreideann an Coimisiún gur gá prionsabail riaracháin agus dea-rialachais a chur i bhfeidhm nuair a ghníomhaíonn na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú de réir iarrataí Eorpacha ar chaighdeánú agus nuair a fhorbraíonn siad caighdeáin a úsáidtear chun comhlíonadh na rialacha arna bhforchur ar mhaithe le leas shaoránaigh an Aontais a léiriú.

Dá bhrí sin, tá togra le haghaidh Rialachán lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 á chur i láthair ag an gCoimisiún inniu. Forordaítear leis sin, chun go mbeidh toscairí chomhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú an Aontais agus LEE incháilithe d'iarrataí ar chaighdeánú ón gCoimisiún, nach mór gurb iad sin na toscairí ag a bhfuil an chumhacht chinnteoireachta ag gach céim d'fhorbairt caighdeáin arna iarraidh ag an gCoimisiún. Le hionadaíocht chothrom lena n-áirítear geallsealbhóirí sochaíocha i gcomhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú, feabhsófar oscailteacht, trédhearcacht agus cuimsitheacht an phróisis.

Is príomhspreagthóirí nuálaíochta agus príomhúsáidóirí caighdeán iad FBManna. Ní mór, áfach, feabhas a chur ar an rochtain atá acu ar phróisis forbartha chaighdeánacha agus ar chaighdeáin. Déantar foráil in Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 maidir le coinníollacha atá níos oiriúnaí do FBManna (saor-rochtain ar dhréachtchaighdeáin, rochtain ar ghníomhaíochtaí na gcomhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú, rátaí speisialta a chur i bhfeidhm ar chaighdeáin, etc.).

Chuige sin, chun an leasú ar Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 a chomhlánú, iarrann an Coimisiún ar na ESOnna moltaí a dhéanamh faoi dheireadh 2022 maidir lena rialachas a nuachóiriú. Ba cheart go n-áireofaí leis sin aghaidh a thabhairt ar ionadaíocht mhíchothrom agus neamhthrédhearcach ar leasanna tionsclaíocha agus méadú a dhéanamh ar rannpháirtíocht FBManna, na sochaí sibhialta agus úsáideoirí. Ba cheart do na ESOnna smaoineamh freisin ar shaor-rochtain ar chaighdeáin agus táirgí inseachadta eile a cheadú. Tá an Coimisiún réidh chun dul i mbun idirphlé cuiditheach leis na ESOnna, agus leas á bhaint as na fóraim atá ann cheana chun cabhrú leo an cuspóir sin a bhaint amach. Mura ndéanfar dul chun cinn leordhóthanach, breithneoidh an Coimisiún ar athbhreithniú ar Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 a mholadh, de réir mar is gá. Seolfaidh an Coimisiún meastóireacht ar Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 i R2 2022.

Is féidir níos mó a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta chun feabhas a chur ar an rochtain ar fhorbairt an chaighdeánaithe agus ar chaighdeáin iad féin. Dá bhrí sin, seolfaidh an Coimisiún próiseas athbhreithnithe piaraí idir Ballstáit an Aontais agus comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú chun dea-chleachtais a mhalartú agus smaointe nua a chothú maidir le conas coinníollacha atá fabhrach do FBManna agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta agus úsáideoirí ar fud an Aontais a éascú. Ina theannta sin, déanfaidh an Coimisiún líonraí atá ann cheana a ghiaráil – lena n-áirítear an Líonra Fiontar Eorpach (EEN), chun dul i bhfeidhm ar phobal níos leithne FBManna agus chun oiliúint, seisiúin faisnéise agus ábhar treorach a eagrú.

Le reachtaíocht[7] agus tograí[8] ón gCoimisiún a tháinig ar an bhfód le déanaí, déantar foráil maidir le cumhacht an Choimisiúin sonraíochtaí teicniúla nó sonraíochtaí coiteanna a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme i gcásanna sonracha. I bhfianaise ról na gcaighdeán comhchuibhithe i reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais, comhtháthaíodh an rogha seo mar réiteach cúltaca, chun a áirithiú go bhfreastalófar ar leas an phobail i gcás nach bhfuil caighdeáin chomhchuibhithe ann nó nach leor iad. Chun ilroinnt na gcineálacha cur chuige earnála a sheachaint, oibreoidh an Coimisiún i dtreo cur chuige cothrománach i dtéarmaí na gcritéar agus na bpróiseas maidir le cathain a d'fhéadfaí

[7] Rialachán (AE) 2019/1009 maidir le táirgí leasacháin, Rialachán (AE) 2017/745 maidir le feistí leighis, Rialachán (AE) 2017/746 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2017 maidir le feistí leighis diagnóiseacha *in vitro*, Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht na suíomhanna gréasáin agus na bhfeidhmchlár móibíleach de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí, agus Rialachán (AE) 2019/881, an Gníomh um Chibearshlándáil.

[8] An Intleacht Shaorga (COM/2021/206), Ceallraí (COM/2020/798), Táirgí Innealra (COM(2021)202), An Margadh Hidrigine agus Gáis (COM(2021) 804).

an chumhacht a thabhairt don Choimisiún sonraíochtaí coiteanna a fhorbairt trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme agus na coinníollacha faoina bhféadfaí an chumhacht sin a thabhairt don Choimisiún, sna cásanna sin ina bhforáiltear dó sin sa reachtaíocht ábhartha. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh, mar shampla, nuair a bheadh caighdeáin déanach nó nuair a bheadh an próiseas blocáilte mar gheall ar easpa comhaontaithe idir na geallsealbhóirí. *Mol barr feabhais nuachruthaithe an Aontais* a fógraíodh sa straitéis seo, cuirfidh sé an saineolas teicniúil is gá ar fáil chun na sonraíochtaí coiteanna sin a fhorbairt.

**Maidir leis an gCoimisiún**:

- Tíolacann sé togra reachtach lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012, ina molann sé critéir bhunúsacha nach mór cloí leo agus iarrataí Eorpacha ar chaighdeánú á láimhseáil faoi Airteagal 10 de Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012.
- Iarrann sé ar na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú tograí a dhéanamh faoi dheireadh 2022 maidir lena rialachas a nuachóiriú chun ionadaíocht iomlán a dhéanamh ar leas an phobail agus ar leasanna FBManna, na sochaí sibhialta agus úsáideoirí agus chun rochtain ar chaighdeáin a éascú.
- Seolfaidh sé an mheastóireacht ar Rialachán (AE) 1025/2012 chun measúnú a dhéanamh an bhfuil sé fós oiriúnach don fheidhm.
- Seolfaidh sé próiseas athbhreithnithe piaraí i measc na mBallstát agus na gcomhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú faoi dheireadh 2022 chun cuimsitheacht níos fearr a bhaint amach, lena n-áirítear cuimsitheacht na sochaí sibhialta agus úsáideoirí, agus coinníollacha caighdeánúcháin atá oiriúnach do FBManna.
- Forbróidh sé cur chuige cothrománach i leith sonraíochtaí teicniúla nó coiteanna a fhorbairt trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme faoi reachtaíocht earnála

## IV. Caighdeáin a leagan síos go domhanda: tacú le seasamh ceannasach an Aontais mar réamhtheachtaí maidir le príomhtheicneolaíochtaí agus maidir le croíluachanna an Aontais a chur chun cinn

Go traidisiúnta, bhí an tAontas Eorpach ina cheannródaí maidir le gníomhaíochtaí caighdeánúcháin idirnáisiúnta agus dea-theist air maidir le caighdeáin idirnáisiúnta a aistriú chuig caighdeáin Eorpacha. Sa lá atá inniu ann, tá saineolaithe Eorpacha agus comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú fós ina ngníomhaithe tábhachtacha, ach tá athrú suntasach tagtha ar an tírdhreach geopholaitiúil le blianta beaga anuas: leanann gníomhaithe eile cur chuige i bhfad níos teanntásaí i leith caighdeánú idirnáisiúnta ná mar a leanann an tAontas agus tá tionchar níos mó acu ar choistí idirnáisiúnta um chaighdeánú. Is é cuspóir an Aontais caighdeáin idirnáisiúnta a mhúnlú i gcomhréir lena luachanna agus lena leasanna, ach tá sé faoi réir iomaíocht ghéar an cuspóir sin a bhaint amach[9].

Ní mór don Aontas agus dá Bhallstáit cur chuige níos straitéisí a chur chun cinn maidir le gníomhaíochtaí caighdeánúcháin idirnáisiúnta, eadhon san Aontas Idirnáisiúnta Teileachumarsáide (ITU), san Eagraíocht Idirnáisiúnta um Chaighdeánú (ISO) agus sa Choimisiún Idirnáisiúnta Leictriteicniúil (IEC), agus i gcomhpháirtíochtaí domhanda, fóraim agus cuibhreannais ábhartha eile[10], chun iomaíochas domhanda, slándáil agus neamhspleáchas straitéiseach oscailte an Aontais a áirithiú, mar aon le cumas an Aontais a chuid luachanna a chur chun cinn.

Ní dhéanann Ballstáit an Aontais, comhlachtaí an Aontais um chaighdeánú agus tionscail an Aontais comhordú ná comhroinnt éifeachtach ar acmhainní chun tacú le próisis chaighdeánúcháin idirnáisiúnta agus le prionsabail na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT), amhail oscailteacht, trédhearcacht agus comhdhearcadh. Is é an toradh atá air sin go bhfuil réigiúin eile sa domhan ar thús cadhnaíochta maidir le coistí teicniúla idirnáisiúnta trína gcuid réiteach teicneolaíoch a chur chun cinn

[9]Féach freisin an anailís i dTuarascáil an Choimisiúin maidir leis an bhFadbhreathnaitheacht Straitéiseach (2021).

[10]E.g., 3GPP, OneM2M, IETF, IEEE, W3C, OASIS, ECMA International, NA/CEFACT.

i réimsí íogaire, ar nós ceallraí litiam, aghaidh-aithint nó an leathchúpla digiteach, rudaí nach bhfuil ag teacht go minic le luachanna, beartais agus creat rialála an Aontais.

Ní mór an comhordú idir Ballstáit an Aontais, comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú agus geallsealbhóirí an Aontais a fheabhsú chun glór an Aontais sa chaighdeánú domhanda a neartú. Déanfaidh *mol barr feabhais an Aontais maidir le caighdeáin* faireachán ar ghníomhaíochtaí ábhartha idirnáisiúnta um chaighdeánú agus cuirfear comhordú chun cinn ar an leibhéal polaitiúil tríd an bhFóram Ardleibhéil mar a fógraíodh sa straitéis sin.

Baineann staid chriticiúil faoi leith le caighdeánú idirlín chun idirlíon domhanda atá saor, oscailte, inrochtana, cuimsitheach agus slán a chur chun cinn. Le blianta beaga anuas, tá méadú ag teacht ar an bpolaitíocht sa chaighdeánú idirnáisiúnta maidir le prótacail idirlín, agus tá an baol ann go gcuirfear teorainn le héabhlóid an idirlín oscailte dhomhanda agus go gcuirfear bac ar an bpróiseas digitithe ar fud an domhain. Tabharfaidh an Coimisiún aghaidh go gníomhach ar an tsaincheist sin: i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe atá ar aon intinn leis, agus nasc á dhéanamh aige leis an obair sa G7[11] agus sa Chomhairle Teicneolaíochta agus Trádála AE-SAM (TTC), oibreoidh sé chun láithreacht mhéadaithe Eorpach a bhaint amach i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha. *Mol barr feabhais nuabhunaithe an Aontais maidir le caighdeáin* a fógraíodh sa straitéis sin, tacóidh sé leis an obair sin. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar úsáid príomhchaighdeán idirlín a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta agus cuirfidh sé na sonraí sin agus dea-chleachtais ghaolmhara ar fáil ar shuíomh gréasáin de chuid an Aontais maidir le faireacháin ar chaighdeáin idirlín. Ina theannta sin, molfaidh an Coimisiún bearta beartais feidheartha chun úsáid príomhchaighdeán idirlín amhail IPv6 a chothú[12].

Chun ceanglais inbhuanaitheachta a thabhairt isteach faoin Éicidhearthóireacht agus faoin Tionscnamh um Tháirgí Inbhuanaithe atá le teacht, beidh gá caighdeáin a fhorbairt don mhargadh Eorpach. Ba cheart don Aontas oibriú chun glacadh domhanda na gcaighdeán sin a chur chun cinn chun a áirithiú go ndéanfar na bunspriocanna beartais a shaothrú ar bhonn idirnáisiúnta níos leithne agus chun buntáiste iomaíoch a bhaint amach do thionscail an cheannródaí.

Déanann an Coimisiún faireachán freisin ar chaighdeánú idirnáisiúnta maidir le bainistiú spástráchta agus tá cur chuige AE á fhorbairt aige, i bhfianaise an tionchair dhírigh atá aige ar úsáid shábháilte agus inbhuanaithe an chianspáis agus ról na dteicneolaíochtaí spáis maidir le hiarrachtaí an Aontais i dtreo na ceannasachta teicneolaíche. Mar chuid dá Phlean Gníomhaíochta maidir le sineirgí idir tionscail shibhialta, tionscail cosanta agus tionscail spáis[13], cuirfidh an Coimisiún, i ndlúthchomhar le príomhgheallsealbhóirí eile, plean i láthair chun úsáid na gcaighdeán hibrideach sibhialta/cosanta atá ann cheana a chur chun cinn agus glacfaidh sé ceannaireacht i bhforbairt caighdeán nua ar an leibhéal idirnáisiúnta.

Molann an Coimisiún do na Ballstáit tacú le rannpháirtíocht na sochaí sibhialta, na saineolaithe FBManna, na gceardchumann agus na hionadaithe tomhaltóirí i ngníomhaíochtaí caighdeánúcháin idirnáisiúnta. Ós rud é nach bhfuil caighdeáin teoranta do ghné theicniúil an táirge a rialú, ach gur féidir tionchar a bheith acu ar dhaoine, ar oibrithe agus ar an gcomhshaol, d’fhéadfaí coimircí atá tábhachtach agus caighdeáin á bhforbairt a sholáthar trí chur chuige cuimsitheach agus il-gheallsealbhóra.

Maidir le luachanna sóisialta, comhshaoil agus eiticiúla an Aontais, tá na luachanna céanna ag go leor comhpháirtithe domhanda atá ar aon intinn leis. I gcomhaontuithe trádála arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas, tá ról cheana féin ag caibidlí maidir le bacainní teicniúla ar thrádáil agus ar dhea-chleachtais rialála maidir le cuspóirí caighdeánúcháin an Aontais a chur chun cinn, go háirithe trí ghlacadh caighdeán idirnáisiúnta ag comhpháirtithe trádála a chothú agus trí chomhar idir na comhlachtaí

[11] Dearbhú Aireachta Cruinniú G7 na nAirí Digiteacha agus Teicneolaíochta (28 Aibreán 2021)
[12] JOIN (2020)18
[13] COM(2021) 70 final

caighdeánúcháin sin. Mar sin féin, tá deis cur chuige níos straitéisí a bheith ann maidir le comhaontuithe trádála agus comhpháirtíochtaí trádála a ghiaráil chun tacú le comhleasanna agus caighdeáin idirnáisiúnta á socrú le príomh-chomhpháirtithe. Samplaí maithe de chomhar caighdeánúcháin an Aontais le comhpháirtithe idirnáisiúnta is ea an plé leanúnach atá ar siúl leis na Stáit Aontaithe maidir le comhar agus gníomhaíocht chomhoibríoch laistigh de raon feidhme na Comhairle Trádála agus Teicneolaíochta (TTC) nó maidir leis an bplé a dhéanfar amach anseo maidir le caighdeáin sna Comhpháirtíochtaí Digiteacha atá beartaithe leis an tSeapáin, le Poblacht na Cóiré agus le Singeapór.

Leanfaidh an Coimisiún leis an idirphlé le tíortha eile, amhail an tSín, agus féachfaidh sé ar réimsí comhair a d'fhéadfadh a bheith ann, chun tacú leis an gComhaontú Glas don Eoraip, cuir i gcás. Chun caidreamh eacnamaíoch an Aontais le tíortha comharsanachta agus le réigiúin chomhpháirtíochta thábhachtacha eile amhail an Afraic nó Meiriceá Laidineach agus Muir Chairib a neartú, is gá glacadh caighdeán Eorpach agus idirnáisiúnta ag na tíortha sin a chur chun cinn agus a éascú, chomh maith lena rannpháirtíocht i socrú caighdeán. Chun na críche sin, forbróidh an Coimisiún tionscnaimh, mar shampla, tógáil ar na comhpháirtíochtaí agus tionscadail chomhair atá ann cheana idir na hEagraíochtaí Eorpacha um Chaighdeánú agus na comhlachtaí um chaighdeánú i dtríú tíortha. Ina theannta sin, déanfaidh sé an straitéis don Tairseach Dhomhanda a ghiaráil chun na caighdeáin sin a chur chun cinn trína chuid gníomhaíochtaí maoinithe bonneagair[14]. Tá ról an chomhair idirnáisiúnta sa taighde agus sa nuálaíocht chomh tábhachtach céanna chun ról ceannasach an Aontais mar shocraitheoir caighdeán domhanda a chur chun cinn.

**Seo a leanas an méid atá beartaithe ag an gCoimisiún**:

- Sásra a chur ar bun i gcomhar le Ballstáit an Aontais agus le comhlachtaí náisiúnta um chaighdeánú chun faireachán a dhéanamh ar an gcur chuige Eorpach maidir le caighdeánú idirnáisiúnta (ISO, IEC, ITU agus fóraim idirnáisiúnta ábhartha eile), agus faisnéis a roinnt air, agus é a chomhordú agus a neartú, agus tacaíocht á fáil ó *Mhol Barr Feabhais an Aontais maidir le Caighdeáin*.;
- Forbairt agus úsáid caighdeán idirnáisiúnta a chothú le haghaidh idirlíon domhanda atá saor in aisce, oscailte, inrochtana agus slán agus suíomh gréasáin de chuid an Aontais maidir le faireacháin ar chaighdeáin idirlín a bhunú.
- Faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme éifeachtach na ngealltanas atá ann cheana maidir le caighdeánú i gcomhaontuithe trádála an Aontais agus úsáid a bhaint as na comhaontuithe trádála sin, chomh maith le hidirphlé rialála agus comhpháirtíochtaí digiteacha, chun oibriú i gcomhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn leis maidir leis an gcaighdeánú i réimsí straitéiseacha agus seasaimh i gcomhlachtaí idirnáisiúnta um chaighdeánú a chomhordú.
- Comhar idirnáisiúnta maidir le caighdeánú agus caighdeáin an Aontais a chur chun cinn leis an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – an Eoraip Dhomhanda (NDICI-GE) agus le Fís Eorpach, agus d'fhonn tacú le rannpháirtíocht geallsealbhóirí i gcaighdeánú idirnáisiúnta (FBManna, an tsochaí shibhialta, daoine acadúla).
- Tionscadail um chaighdeánú a mhaoiniú i dtíortha roghnaithe na hAfraice mar chuid dá bheartas maidir le comhar um fhorbairt agus den Tairseach Dhomhanda. Cuirfidh an tAontas na príomhchaighdeáin Eorpacha chun cinn i dtíortha comhpháirtíochta ó thaobh aontachas/comhtháthú níos dlúithe le margadh inmheánach an Aontais, ag tosú i gcomharsanachtaí an Aontais.

## V. Nuálaíocht cheannródaíoch lena gcothaítear caighdeáin thráthúla

Braitheann ceannaireacht an Aontais maidir le caighdeánú ar chumas nuálaíochta a chuid éiceachóras tionsclaíoch. Le tionscadail taighde, forbartha agus nuálaíochta an Aontais tugtar deis do theicneolaíochtaí nua céim níos aibí a bhaint amach, tugtar tús áite d'infheidhmeacht na dteicneolaíochta sin ar scála níos mó agus cuirtear a nglacadh sa mhargadh a chun cinn. Dá bhrí sin,

[14]JOIN (2021)30.

ní mór leas níos mó a bhaint as bonn taighde agus nuálaíochta na hEorpa, lena n-áirítear tríd an gclár Fís Eorpach agus na cláir a tháinig roimhe, chun taighde ábhartha le haghaidh caighdeáin nua a shainaithint agus a aistriú.

Tá acmhainneacht neamhshaothraithe i dtaighde réamhnormatach atá maoinithe ag an Aontas chun tacú leis na riachtanais chaighdeánúcháin. Is féidir le leithdháileadh ceart acmhainní ar thaighde réamhnormatach cabhrú lena áirithiú go mbeidh an Eoraip ar thús cadhnaíochta sna próisis chaighdeánúcháin idirnáisiúnta. Is cúram tábhachtach é an gníomh bliantúil 'fadbhreathnaitheacht maidir le caighdeánú' ón gCoimisiún faoin tionscnamh dar teideal *Putting (more) Science into Standards (PSIS)* [Bonn níos eolaíche a thabhairt don Chaighdeánú], i gcomhar le CEN agus CENELEC, chun deiseanna caighdeánúcháin amach anseo a shainaithint go luath agus naisc thábhachtacha a fhorbairt idir na pobail taighde, nuálaithe agus caighdeánóirí.

Tá ról tábhachtach ag Fís Eorpach agus ag clár Taighde agus Oiliúna Euratom (Euratom R&T), lena n-áirítear trína gcuid gníomhaíochtaí agus comhpháirtíochtaí díreacha, amhail Comhghnóthais agus an Clár don Eoraip Dhigiteach, chomh maith le treochláir choiteanna ERA maidir leis an teicneolaíocht thionsclaíoch. Déanann siad riachtanais chaighdeánúcháin a réamh-mheas agus tosaíochtaí straitéiseacha a nascadh le taighde réamhnormatach. Is é sin an fáth a gcuirtear riachtanais chaighdeánúcháin san áireamh cheana féin sa phróiseas meastóireachta agus athbhreithnithe ar thionscadail taighde, forbartha agus nuálaíochta atá maoinithe ag an Aontas Eorpach, mar chuid de na Príomhtháscairí Feidhmíochta agus na hoibleagáidí tuairiscithe, cuir i gcás.

Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar conas tacaíocht níos fearr a thabhairt do thaighdeoirí agus nuálaithe atá páirteach i dtionscadail taighde, forbartha agus nuálaíochta atá maoinithe ag an Aontas Eorpach chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí caighdeánúcháin ábhartha. Seolfaidh sé 'Treiseoir Caighdeánúcháin', arb é atá i gceist leis ardán chun cabhrú le tairbhithe, ar tairbhithe iad ar dócha go mbeadh athbhreithniú ar chaighdeán nó cruthú caighdeáin mar thoradh ar thorthaí an taighde a rinne siad faoi Fhís 2020 agus faoi Fhís Eorpach, chun ábharthacht na torthaí sin maidir leis an gcaighdeánú a thástáil. Trí dhul i dteagmháil leis an bpobal taighde agus nuálaíochta go luath maidir le forbairt caighdeán, cuirtear deis ar fáil saineolas agus scileanna i dtaca le caighdeánú a fhorbairt freisin. Sa lá atá inniu ann, is minic nach dtugann taighdeoirí, seach-chuideachtaí agus gnólachtaí nuathionscanta tosaíocht don chaighdeánú: ní i gcónaí a bhíonn siad ar an eolas faoi bhuntáistí an chaighdeánaithe, níl na hacmhainní is gá acu nó measann siad nach leor an luach saothair a thugtar don am a chaitear ar ghníomhaíochtaí caighdeánúcháin. Déanfar cur chuige comhsheasmhach chun gníomhaíochtaí caighdeánúcháin a éascú agus feasacht straitéiseach a ardú i measc taighdeoirí agus nuálaithe a chur chun cinn trí Chód Cleachtais Eorpach tiomnaithe maidir le caighdeánú le haghaidh taighdeoirí.

Sa bhreis ar an taighde, forbairt agus nuálaíocht, braitheann glacadh rathúil caighdeán go díreach ar cé chomh tapa agus is féidir margaí tosaigh a bhunú ar fud an Aontais. Cruthaítear móiminteam Eorpach a thacaíonn le ceannaireacht an Aontais sna réimsí sin trí mhais chriticiúil a fhorbairt ar mhaithe le teicneolaíochtaí ar nós carranna nasctha, monarchana cliste agus córais cúraim sláinte dhigiteacha a chur in úsáid go luath. Sa chomhthéacs sin, tá cláir úsáide amhail an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE) agus an Clár don Eoraip Dhigiteach (DEP) ríthábhachtach chun acmhainní tionsclaíocha a fhorbairt thart ar chaighdeáin dhomhanda san Eoraip, agus ba cheart a ról a threisiú amach anseo.

Amach anseo, ba cheart caighdeáin a aistriú ó théacsanna go dtí formáidí meaisín-inléite, ar formáidí iad atá níos éasca le húsáid, go háirithe i gcás FBManna. Tacóidh an Coimisiún leis an aistriú sin. Ina theannta sin, iarrfaidh sé ar eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú réitigh foinse oscailte a chomhtháthú ina gcuid gníomhaíochtaí, rud a chuirfidh réitigh idir-inoibritheachta tapa ar fáil do FBManna agus réitigh theicneolaíocha á nglacadh acu.

**Seo a leanas an méid atá beartaithe ag an gCoimisiún**:

- 'An Treiseoir Caighdeánúcháin' a sheoladh chun tacú le taighdeoirí faoi chuimsiú Fhís 2020 agus

na Físe Eorpaí chun ábharthacht a dtorthaí i leith an chaighdeánaithe a thástáil.

- Cód Cleachtais maidir le caighdeánú a fhorbairt le haghaidh taighdeoirí chun an nasc idir caighdeánú agus taighde/nuálaíocht a neartú tríd an Limistéar Eorpach Taighde (LET), faoi lár na bliana 2022.

## VI. Saineolas maidir le caighdeánú amach anseo a chinntiú – an gá atá le hoideachas agus scileanna

Tá méadú ag teacht ar an úsáid a bhaintear as caighdeáin, níl amhras ar bith ar an tábhacht a bhaineann le caighdeánú ar mhaithe le hiomaíochas agus le leas an phobail, ach is beag an fheasacht agus an oiliúint ghinearálta maidir le caighdeánú. Níl aon oideachas foirmiúil ná gairmoiliúint maidir le caighdeánú. Tá go leor cuideachtaí san Aontas – bíodh siad mór nó beag – nach bhfuil cur chuige struchtúrtha straitéiseach acu maidir le caighdeánú lena léirítear a ábhartha atá sé d'oibríochtaí eacnamaíocha éagsúla, cé acu comhlíontacht dhlíthiúil, rochtain ar an margadh nó straitéis ghinearálta ghnó atá i gceist.

Is cúis imní é sin agus tá sé léirithe sa deacracht fhoriomlán atá ann saineolaithe teicniúla a earcú don obair forbartha um chaighdeánú. Tá rath an chórais Eorpaigh um chaighdeánú bunaithe ar raidhse saineolaithe ón tionscal, ó riaracháin phoiblí, ón tsochaí shibhialta, ón taighde nó ón lucht acadúil chun gach gné ríthábhachtach d'fhorbairt na gcaighdeán a bhaint amach. A bhuí, den chuid is mó, leis an infheistíocht a rinne cuideachtaí, ollscoileanna, institiúidí taighde agus riaracháin phoiblí a d'éirigh leis an gcóras Eorpach um chaighdeánú. Is é atá ag teastáil ón Eoraip na saineolaithe um chaighdeánú is fearr chun na huaillmhianta domhanda atá aici a shaothrú go rathúil agus chun tacú le margadh aonair digiteach, glas agus athléimneach.

Is measa an fhadhb mar gheall ar athrú glúine atá le teacht. Rachaidh go leor de na saineolaithe, ar saineolaithe iad a d'oibrigh ar chaighdeánú le fiche nó tríocha bliain anuas, ar scor. Ag an am céanna, tá réimse an chaighdeánaithe ag éirí níos casta: beidh scileanna nua i bhforbairt caighdeán ag teastáil mar gheall ar na dúshláin nua teicneolaíochta agus breithnithe cothrománacha – an intleacht shaorga, cosaint sonraí nó an chibearshlándáil, cuir i gcás. Is ar leibhéil éagsúla atá na gníomhaíochtaí caighdeánúcháin, agus tá tionscnaimh in eagraíochtaí náisiúnta, Eorpacha agus idirnáisiúnta mar bhonn eolais faoi threochtaí caighdeánúcháin agus faoi ghlacadh na dtreochtaí sin.

San oideachas, forbairt modúl caighdeánaithe tiomnaithe i gcéimeanna gnó, dlí nó innealtóireachta, is féidir í a bheith ina spreagadh tábhachtach chun feasacht agus eolas ar chaighdeánú a leathnú. Cuirfidh an Coimisiún eagrú Laethanta Ollscoile maidir le Caighdeánú chun cinn chun feasacht i measc daoine acadúla agus mac léinn a mhéadú. A bhuí le hardáin idir daoine acadúla atá gníomhach sa chaighdeánú, amhail EU Academy an Choimisiúin[15], is féidir fóram malartaithe agus spreagtha a chur ar fáil chun modúil teagaisc a fhorbairt.

Is féidir le níos mó gníomhaíochtaí for-rochtana laistigh de réigiúin agus de bhraislí a bheith éifeachtach chun eolas maidir le caighdeánú a chur chun cinn agus chun forbairt saineolais maidir le caighdeánú a spreagadh trí ghairmoideachas agus gairmoiliúint. Tá acmhainneacht ag baint le gníomhaíochtaí réamhnormatacha laistigh de chláir chistiúcháin an Aontais, ar gníomhaíochtaí iad lena bhfaigheann taighdeoirí eolas tábhachtach a d'fhéadfadh cur le forbairt caighdeán. Go dtí seo, ní raibh aon tionscnamh ann chun luach a chur ar shaineolas den sórt sin i measc taighdeoirí agus tosóidh an Coimisiún trí chuardach a dhéanamh ar líonra tiomnaithe taighde maidir le caighdeáin i raon feidhme ghníomhaíochtaí an Chomhair san Eolaíocht agus sa Teicneolaíocht (COST).

**Seo a leanas an méid atá beartaithe ag an gCoimisiún**:

- Laethanta Ollscoile maidir le Caighdeánú a eagrú chun feasacht ar chaighdeánú a chur chun cinn i

[15] https://academy.europa.eu/

measc daoine acadúla agus mac léinn.
- Tionscnaimh a chur ar bun le haghaidh taighdeoirí óga agus líonraí ón gclár Fís Eorpach agus ó chlár Taighde agus Oiliúna Euratom, lena n-áirítear Comhlachas COST, chun luach a chur ar thaighde agus ar nuálaíocht trí chaighdeánú agus trí thaighde réamhnormatach.
- Leas a bhaint as ardán EU Academy an Choimisiúin chun ábhar oiliúna ríomhfhoghlama maidir leis an gcaighdeánú a scaipeadh; forbairt agus scaipeadh modúl teagaisc acadúil maidir leis an gcaighdeánú a chur chun cinn laistigh den Fhóram Ardleibhéil chun daoine óga a mhealladh i dtreo an chaighdeánaithe agus oiliúint a chur orthu agus chun deiseanna athoiliúna a chur chun cinn.

## VII. An bealach chun cinn – todhchaí an chórais Eorpaigh um chaighdeánú

Ní cuspóir iontu féin iad caighdeáin. Tá siad leabaithe i gcuspóirí beartais atá dírithe ar iomaíochas tionsclaíoch, saorghluaiseacht earraí agus seirbhísí sa mhargadh inmheánach, nuálaíocht, sábháilteacht, tomhaltóirí, cosaint oibrithe agus cosaint an chomhshaoil chomh maith le neamhspleáchas straitéiseach oscailte agus geilleagar aeráidneodrach, athléimneach agus ciorclach. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, inúsáidteacht, éifeachtacht agus úsáideacht na gcaighdeán a áirithiú feadh slabhraí luacha tionsclaíocha, lena n-áirítear FBManna agus gníomhaithe sochaíocha.

Tá sé de chumas ag an Aontas a bheith ina cheannródaí agus socruithe maidir le caighdeáin idirnáisiúnta a threorú, agus leas á bhaint as an gcomhar atá aige le comhpháirtithe idirnáisiúnta eile atá ar aon intinn leis, go háirithe maidir le réimsí leasa straitéisigh teicneolaíochta a bheidh ann amach anseo. Dá bhrí sin, tá an Coimisiún tiomanta an córas Eorpach um chaighdeánú a dhéanamh níos feidhmiúla agus níos solúbtha, na caighdeáin lena ndéantar ár dtionscail níos iomaíche a bhaint amach, freastail ar leas poiblí an Aontais, inbhuanaitheacht a chur chun cinn agus luachanna daonlathacha a chaomhnú agus a neartú.

Cuideoidh trédhearcacht sa phróiseas déanta caighdeán le scrogaill sa phróiseas forbartha caighdeán a bhaint agus leis an gcóras Eorpach um chaighdeánú a dhéanamh níos éifeachtúla. Leis an trédhearcacht beidh gníomhaithe poiblí agus príobháideacha in ann tuiscint níos fearr a fháil ar na bearnaí atá ann faoi láthair agus ar na riachtanais a bhainfidh le caighdeáin amach anseo.

Rannpháirtíocht agus rannchuidiú rialta na ngníomhaithe ábhartha uile – lena n-áirítear na comhpháirtithe idirinstitiúideacha, eagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú, an tsochaí shibhialta, lucht tionscail agus lucht acadúil – agus éifeachtacht na seiceálacha agus na cothromaíochtaí, beidh an méid sin ríthábhachtach chun go n-éireoidh leis an gcóras Eorpach um chaighdeánú.

Leis an straitéis sin, tá an Coimisiún mar bhonn le ról an Aontais mar cheannródaí domhanda i dtaca le caighdeáin a fhorbairt, tacaíonn sé le luachanna an Aontais agus tugann sé buntáiste iomaíoch do thionscail.

**Seo a leanas an méid atá beartaithe ag an gCoimisiún**:
- Chomh maith le Clár Oibre Bliantúil an Aontais agus an Plean Rollach um Chaighdeánú ICT maidir le caighdeánú Eorpach a fhoilsiú, foilseoidh sé forléargas bliantúil ar na gníomhaíochtaí caighdeánúcháin atá beartaithe, na gníomhaíochtaí caighdeánúcháin reatha agus na gníomhaíochtaí caighdeánúcháin atá curtha i gcrích, ar mhaithe le níos mó trédhearcachta sa chóras Eorpach um chaighdeánú.